1 Lúnasa 2025 *

(Tarchur chun réamhrialú – Comhfhogasú na ndlíchóras – Ceadú mótarfheithiclí – Treoir 2007/46/CE – Airteagal 18(1) – Airteagal 26(1) – Airteagal 46 – Rialachán (CE) Uimh. 715/2007 – Airteagal 5(2) – Mótarfheithiclí – Inneall díosail – Astaíochtaí truailleán – Laghdú gan a dhéanamh ar astaíochtaí ocsaíde nítrigine (NOx) ach i 'raon teochtaí' – Feiste sáraithe – Cosaint na leasanna a bhíonn ag ceannaitheoir aonair feithicle a bhfuil feiste neamhdhleathach sáraithe inti – Suiteáil na feiste sin i ndiaidh na feithicle a chur i mbun seirbhíse – Ceart ar chúiteamh a fháil de réir dliteanas toirt ó dhéantóir na feithicle sin – Cúis le díolmhú – Earráid doleasaithe an déantóra ó thaobh neamhdhleathacht na feiste sáraithe – Prionsabal na héifeachtachta – Cúiteamh cóir as an dochar – Modh ríofa an chúitimh – Raon éirice)

I gCás C-666/23,

IARRAIDH ar réamhrialú de bhun Airteagal 267 CFAE, ó Landgericht Ravensburg (Cúirt Réigiúnach Ravensburg, an Ghearmáin), trí bhreith an 27 Deireadh Fómhair 2023, a fuarthas ag an gCúirt an 9 Samhain 2023, sna himeachtaí

CM,

DS,

v

Volkswagen AG,

tugann AN CHÚIRT (an Cúigiú Dlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: M. L. Arastey Sahún (Rapóirtéir), Uachtarán Dlísheomra, D. Gratsias, E. Regan, J. Passer agus B. Smulders, Breithiúna,

Abhcóide Ginearálta: A. Rantos,

Cláraitheoir: A. Calot Escobar,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn,

tar éis breithniú a dhéanamh ar na barúlacha arna dtaisceadh thar ceann na bpáirtithe seo a leanas:

– CM, ag K. Borwieck, C. Douhaire, R. Geulen, R. Klinger, D. Krebs agus L. Rhiel, Rechtsanwälte,

* Teanga an cháis: an Ghearmáinis.

– Volkswagen AG, ag T. André, M. de Lind van Wijngaarden agus H.P. Schroeder, Rechtsanwälte,

– an Coimisiún Eorpach, ag J. Flett agus M. Noll-Ehlers, i gcáil Gníomhairí,

tar éis cinneadh a dhéanamh, tar éis di an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht, breithiúnas a thabhairt ar an gcás gan Tuairim,

an Breithiúnas seo a leanas:

Breithiúnas

1 Baineann an iarraidh ar réamhrialú le léiriú ar Airteagal 5(2) de Rialachán (CE) Uimh. 715/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2007 maidir le cineálcheadú mótarfheithiclí i dtaca le hastaíochtaí ó fheithiclí éadroma paisinéirí agus tráchtála (Euro 5 agus Euro 6) agus maidir le rochtain ar fhaisnéis faoi dheisiú agus faoi chothabháil feithiclí (IO 2007 L 171, lch. 1).

2 Rinneadh an iarraidh seo in dhá sraith imeachtaí inar chuir CM agus DS i gcoinne Volkswagen AG maidir le cúiteamh an dochair arna ndéanamh de dheasca cheannach feithiclí a bhfuil feistí neamhdhleathacha sáraithe iontu.

An dlí lena mbaineann

Dlí an Aontais

Treoir 1999/44/CE

3 Rinneadh Treoir 1999/44/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Bealtaine 1999 maidir le gnéithe áirithe de dhíolachán earraí tomhaltóra agus na ráthaíochtaí gaolmhara (IO 1999 L 171, lch. 12) a aisghairm le Treoir (AE) 2019/771 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 maidir le gnéithe áirithe a bhaineann le conarthaí i ndáil le díolacháin earraí, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 2017/2394 agus Treoir 2009/22/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/44/CE (IO 2019 L 136, lch. 28), le héifeacht ón 1 Eanáir 2022 ar aghaidh. I bhfianaise dháta fhíorais na ndíospóidí sna bpríomhimeachtaí, tá feidhm fós ag Treoir 1999/44 maidir leis na díospóidí sin mar sin féin.

4 Foráladh don mhéid seo a leanas in Airteagal 3(2) de Threoir 1999/44/CE:

‘I gcás nach bhfuiltear comhlíontach, beidh sé de cheart ag an tomhaltóir go gcuirfí an t-earra chun comhréireachta, saor in aisce, trína dheisiú trína athchur, i gcomhréir le mír 3, go ndéanfaí laghdú iomchuí ar an bpraghas nó go gcealófaí an conradh ó thaobh an earra sin de, i gcomhréir le míreanna 5 agus 6.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

Treoir 2007/46/CE

5 Rinneadh Treoir 2007/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meán Fómhair 2007 lena mbunaítear réim maidir le formheas mótarfheithiclí agus a leantóirí, agus córas, comhpháirteanna agus aonad teicniúil leithleach le haghaidh feithiclí dá leithéid (Treoir Réime) (IO 2007 L 263, lch. 1), arna leasú le Rialachán (AE) Uimh. 385/2012 ón gCoimisiún, an 7 Bealtaine 2009 (IO 2009 L 118, lch. 1) ('Treoir 2007/46') a aisghairm le Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le ceadú mótarfheithiclí agus a leantóirí, agus córas, comhpháirteanna agus aonad teicniúil ar leithligh atá ceaptha le haghaidh feithiclí den sórt sin, agus faireachas margaidh orthu, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 715/2007 agus (CE) Uimh. 595/2009 agus lena n-aisghairtear Treoir 2007/46/CE (IO 2018 L 151, lch. 1), le héifeacht ón 1 Meán Fómhair 2020 ar aghaidh. Mar sin féin, i bhfianaise dháta fhíorais na ndíospóidí sna príomhimeachtaí, tá feidhm fós ag an Treoir sin maidir leis na díospóidí sin.

6 Bhí Airteagal 3(3), (5), (17) agus (36) de Threoir 2007/46 sna focail a leanas:

'Chun críocha an Rialacháin seo agus chun críocha na ngníomhartha rialála a liostaítear in Iarscríbhinn IV, ach amháin má fhoráiltear a mhalairt iontu, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

[…]

3. ciallaíonn "cineálcheadú" beart trína dtugann Ballstát deimhniú le forálacha riaracháin agus ceanglais theicniúla is infheidhme a bheith á gcomhlíonadh le cineál feithicle, córais, páirte nó aonaid theicniúil:

[…]

5. ciallaíonn "cineálcheadú CE" beart trína dtugann Ballstát deimhniú le forálacha riaracháin, ceanglais theicniúla is infheidhme na Treorach seo agus gníomhartha reachtacha arna leagan amach in Iarscríbhinn IV nó in Iarscríbhinn XI a bheith á gcomhlíonadh le cineál feithicle, córais, páirte nó aonaid theicniúil:

[…]

17. ciallaíonn "cineálcheadú feithicle" feithiclí sainaicme arb ionann iad de réir na mbunghnéithe ar a laghad dá dtagraítear in Iarscríbhinn II, Roinn B. D'fhéadfadh sé go bhfuil i gcineál feithicle leagan malartacha agus éagsúla mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn II, Roinn B;

[…]

36. ciallaíonn "deimhniú comhréireachta" an doiciméad in Iarscríbhinn IX a eisíonn an déantóir le deimhniú a thabhairt leis na gníomhartha reachtacha a bheith á gcomhlíonadh ag feithicil a bhaineann le sraith an chineáil arna cheadú de réir na Treorach seo ar a táirgeadh'.

7 Foráladh don mhéid seo a leanas in Airteagal 8(6) den Treoir sin:

'Cuirfidh an t-údarás atá inniúil ar cheadú a chinneadh diúltú d'fheithicil a cheadú nó ceadú feithicle a chur ar ceal, agus na cúiseanna leis an gcinneadh sin, in iúl dá leithéidí sna Ballstáit eile gan mhoill.'

8 Foráladh don mhéid seo a leanas in Airteagal 10(2) den Treoir sin:

‘Tabharfaidh na Ballstáit cineálcheadú CE de réir páirte nó aonad teicniúil le haghaidh páirte nó aonad teicniúil i gcomhréir leis an bhfaisnéis sna doiciméid atá ag an déantóir agus le ceanglais teicniúla na Treorach sonraí nó an Rialacháin shonraigh is infheidhme, mar a shonraítear in Iarscríbhinn IV.’

9 Leagadh an méid seo a leanas amach le hAirteagal 13(1) den Treoir sin:

‘Cuirfidh an déantóir aon athrú ar an bhfaisnéis arna cur leis an gcomhad ceadaithe in iúl gan mhoill don Bhallstát a thug cineálcheadú CE. Socróidh an Ballstát sin an nós imeachta le déanamh dá réir, i gcomhréir leis na rialacha arna sainiú sa Chaibidil seo. Más gá, d’fhéadfadh an Ballstát, i gcomhairle leis an déantóir, a chinneadh go bhfuil cineálcheadú CE le tabhairt in athuair.’

10 De réir Airteagal 18(1) de Threoir 2007/46:

‘Eiseoidh an déantóir, ina cháil mar shealbhóir chineálcheadú CE feithicle, deimhniú comhréireachta atá le dul le gach feithicil atá déanta, neamhdhéanta nó a rinneadh, de réir chineál na feithicle arna ceadú.’

11 Seo a leanas focail Airteagal l26(1) den Treoir sin:

‘Gan dochar d’fhorálacha Airteagail 29 agus 30, ní chláróidh na Ballstáit feithiclí agus ní ligfidh siad go ndíolfaí nó go gcuirfí i mbun seirbhíse na feithiclí sin ach i gcás ina bhfuil deimhniú comhréireachta arna eisiúint i gcomhréir le hAirteagal 18 ag dul leo atá bailí ag an am sin.

I gcás feithiclí neamhdhéanta, údaróidh na Ballstáit go ndíolfaí iad ach d’fhéadfaidís diúltú dá gclárú buan nó dá gcur i mbun seirbhíse fad a bhfuil siad neamhdhéanta.’

12 Foráladh don mhéid seo a leanas in Airteagal 30(1) den Treoir sin:

‘Má chinneann Ballstát a fuair cineálcheadú CE nach bhfuil feithiclí, córais, páirteanna nó aonaid theicniúla nua a bhfuil deimhniú comhréireachta ag dul leo nó marc ceadaithe orthu i gcomhréir leis an gcineál arna cheadú dóibh, glacfaidh sé na bearta is gá, ina n-áirítear, de réir mar a bheidh, cineálcheadú a aisghairm, le cinntiú go gcuirfí na feithiclí, córais, páirteanna nó, de réir an cháis, aonaid theicniúla arna dtáirgeadh i gcomhréir leis an gcineál arna cheadú. Cuirfidh an t-údarás atá inniúil ar cheadú sa Bhallstát sin na bearta arna glacadh in iúl dá leithéidí sna Ballstáit eile.’

13 Foráladh don mhéid seo a leanas le hAirteagal 46 den Treoir sin:

‘Cinnfidh na Ballstáit na pionóis is infheidhme maidir le neamhchomhlíonadh fhorálacha na Treorach seo, go háirithe na toirmisc atá in Airteagal 31, nó atá mar thoradh air, agus na gníomhartha rialála atá liostaithe i gCuid I d’Iarscríbhinn IV, agus glacfaidh siad gach beart a bhfuil gá leis chun iad a chur chun feidhme. Beidh na pionóis arna socrú éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. Tabharfaidh na Ballstáit fógra maidir leis na forálacha sin a thabhairt don Choimisiún faoin 29 Aibreán 2009 agus tabharfaidh siad fógra gan mhoill don Choimisiún faoi aon leasú ina dhiaidh sin a dhéanann difear do na forálacha sin.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

Rialachán Uimh. 715/2007

14 De réir aithrisí 6 agus 15 de Rialachán Uimh. 715/2007:

‘(6) Is gá, go háirithe, laghdú suntasach a dhéanamh ar astaíochtaí ocsaíde nítrigine ó fheithiclí díosail chun cáilíocht an aeir a fheabhsú agus chun luachanna teorantacha truaillithe a chomhlíonadh. Éilíonn sin go mbainfí luachanna teorantacha uaillmhianacha amach ag céim Euro 6 gan an ceangal a bheith ar dhaoine buntáistí na n-inneall díosail a ligean uathu maidir le hídiú breosla agus le hastaíochtaí aonocsaíde carbóin. Má leagtar amach céim den sórt sin chun astaíochtaí ocsaíde nítrigine a laghdú, áiritheoidh an méid sin slándáil fhadtéarmach pleanála ar fud na hEorpa do dhéantóirí feithiclí.

[…]

(15) Ba chóir don Choimisiún an gá atá ann coigeartú a dhéanamh ar an tSraith Nua Eorpach Tiomána a choimeád faoi bhreithniú, agus é ina nós imeachta tástála do rialacháin chineálcheadaithe CE maidir le hastaíochtaí. D'fhéadfadh sé gur ghá na sraitheanna tástálacha a thabhairt cothrom le dáta nó sraitheanna nua a chur ina n-ionad d'fhonn athruithe ar shonrú feithiclí agus ar iompar tiománaithe a léiriú. D’fhéadfadh sé go mbeadh gá le coigeartuithe d’fhonn a áirithiú go bhfreagraíonn fíorastaíochtaí do na hastaíochtaí a thomhaistear agus an cineálcheadú á dhéanamh. Ba chóir úsáid córas soghluaiste tomhais agus tabhairt isteach an choincheapa rialúcháin “gan dul thar a bhfuil riachtanach” a bhreithniú freisin.’

15 Foráiltear le hAirteagal 3(10) den Rialachán sin:

‘Chun críocha an Rialacháin seo agus chun críocha a bheart cur chun feidhme, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas

[…]

ciallaíonn “feiste sáraithe” aon eilimint dearaidh lena mothaítear teocht, luas feithicle, luas innill (ISN), giar traiseolta, folús iolrúcháin nó aon pharaiméadar eile chun críocha oibriú aon chuid den chóras rialaithe astaíochta a ghníomhachtú, a mhodhnú, a mhoilliú nó a dhíghníomhachtú agus lena laghdaítear éifeachtúlacht an chórais rialaithe astaíochta i gcoinníollacha a bhféadfaí a bheith ag súil go réasúnach leo i ngnáthoibriú agus i ngnáthúsáid feithicle.’

16 Foráiltear don mhéid seo a leanas le hAirteagal 4(1) agus (2) den Rialachán sin:

‘1. Léireoidh déantóirí go bhfuil gach feithicil nua a dhíolfar, a chlárófar nó a chuirfear i seirbhís sa Chomhphobal [Eorpach] cineálcheadaithe i gcomhréir leis an Rialachán seo agus lena bhearta cur chun feidhme. Léireoidh déantóirí chomh maith go mbeidh gach feiste athsholáthair rialaithe truaillithe nua a mbeidh cineálcheadú riachtanach dóibh a dhíolfar nó a chuirfear i seirbhís sa Chomhphobal cineálcheadaithe i gcomhréir leis an Rialachán seo agus lena bhearta cur chun feidhme.

Áirítear ar na hoibleagáidí sin na teorainneacha astaíochta a leagtar amach in Iarscríbhinn I agus na bearta cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 5 a chomhlíonadh.

2. Cinnteoidh déantóirí go gcomhlíonfar nósanna imeachta cineálcheadaithe chun comhréireacht táirgeachta, marthanacht feistí rialaithe truaillithe agus comhréireacht inseirbhíse a fhíorú.

Chomh maith leis sin, caithfidh na bearta teicniúla a ghlacfaidh an déantóir a áirithiú go gcuirfear srian i gceart le hastaíochtaí sceithphíopa agus galaithe, de bhun an Rialacháin seo, ar feadh ghnáth-shaolré na bhfeithiclí agus iad á dtiomáint faoi ghnáthdhálaí úsáide. Dá bhrí sin, seiceálfar bearta comhréireachta inseirbhíse go ceann tréimhse 5 bliana nó 100 000 km, cibé acu is túisce a shroichfear. Folóidh an tástáil mharthanachta a dhéanfar ar feistí rialaithe truaillithe chun críocha cineálcheadaithe 160 000 km. Chun an tástáil mharthanachta sin a chomhlíonadh, ba chóir go mbeadh deis ag na déantóirí leas a bhaint as aosú binse tástála, faoi réir na mbeart cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 4.

Déanfar comhréireacht inseirbhíse a sheiceáil, go háirithe, maidir le hastaíochtaí sceithphíopa arna dtástáil de réir na dteorainneacha astaíochta a leagtar amach in Iarscríbhinn I. D'fhonn rialú astaíochtaí galaithe agus astaíochtaí teochta comhthimpeallaí ísle a fheabhsú, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar na nósanna imeachta tástála.'

17 Seo a leanas focail Airteagal 5(1) agus (2) den Rialachán sin:

'1. Feisteoidh an déantóir na feithiclí ionas go mbeidh na comhpháirteanna deartha, déanta agus cóimeáilte ar dhóigh go bhféadfaidh an fheithicil, sa ghnáthúsáid, an Rialachán seo agus a bhearta cur chun feidhme a chomhlíonadh.

2. Toirmiscfear úsáid feistí sáraithe a laghdaíonn éifeachtúlacht na gcóras rialaithe astaíochtaí. Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc sna cásanna seo a leanas:

(a) i gcás ina mbeidh call leis an bhfeiste chun an t-inneall a chosaint ó dhamáiste nó ó thionóisc agus chun go n-oibreoidh an fheithicil go sábháilte;

(b) i gcás nach n-oibreoidh an fheiste ach chun críocha an t-inneall a dhúiseacht,

nó

(c) i gcás ina bhfolófar go suntasach sna nósanna imeachta tástála coinníollacha chun astaíochtaí galaithe agus meánastaíochtaí ó sceithphíopaí a fhíorú.'

18 De réir Airteagal 13 de Rialachán Uimh. 715/2007:

'1. Leagfaidh Ballstáit síos na forálacha maidir le pionóis a bheidh infheidhme maidir le sáruithe ar fhorálacha an Rialacháin seo ag déantóirí agus glacfaidh siad gach beart a bhfuil gá leis chun a áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. Beidh na pionóis dá bhforáiltear éifeachtúil, comhréireach agus athchomhairleach. [...]

2. Áireofar ar na cineálacha sáruithe a bheidh faoi réir pionóis:

[...]

(d) feistí sáraithe a úsáid;

[…]’

Rialachán Uimh. 692/2008

19 Rinneadh Rialachán (CE) Uimh. 692/2008 ón gCoimisiún an 18 Iúil 2008 lena gcuirtear chun feidhme agus lena leasaítear Rialachán Uimh. 715/2007 (IO 2008 L 199, lch. 1), a leasú le Rialachán (AE) Uimh. 566/2011 ón gCoimisiún an 8 Meitheamh 2011 (IO 2011 L 158, lch. 1) (‘Rialachán Uimh. 692/2008’). Ón 1 Eanáir 2022 ar aghaidh, rinneadh Rialachán Uimh. 692/2008 a aisghairm le Rialachán (AE) 2017/1151 ón gCoimisiún an 1 Meitheamh 2017 lena bhforlíontar Rialachán Uimh. 715/2007, lena leasaítear Treoir 2007/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán Uimh. 692/2008 agus Rialachán (AE) Uimh. 1230/2012 ón gCoimisiún agus lena n-aisghairtear Rialachán Uimh. 692/2008 (IO 2017 L 175, lch. 1). Mar sin féin, i bhfianaise dháta fhíorais na ndíospóidí sna príomhimeachtaí, tá feidhm fós ag Rialachán Uimh. 692/2008 maidir leis na díospóidí sin.

20 Foráladh don mhéid seo a leanas in Airteagal 10(1) de Rialachán Uimh. 692/2008:

‘Na feistí athsholáthair rialaithe truaillithe atá le cur le feithiclí a bhfuil ceadú CE faighte acu agus a thagann faoi raon feidhme Rialachán [715/2007], cinnteoidh an déantóir go bhfuarthas ceadú CE ina leith mar aonad teicniúil ar leith de réir Airteagal 10(2) de [Threoir 2006/46], i gcomhréir le hAirteagail 12 agus 13 d’Iarscríbhinn XIII den Rialachán seo.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

Dlí na Gearmáine

21 Foráiltear don mhéid seo a leanas le hAirteagal 276 de Bürgerliches Gesetzbuch (Cód Sibhialta, ‘BGB’):

‘(1) Beidh an féichiúnaí faoi dhliteanas i leith gníomhartha intinneacha nó faillíocha i gcás nach bhfuil diandliteanas nó dliteanas níos éadroime sonraithe nó intugtha le tuiscint ó oibleagáid eile, go háirithe ó ráthaíocht nó riosca soláthair a ghlacadh. Dá bhrí sin, beidh feidhm ag forálacha Airteagail 827 agus 828.

(2) Déanfar faillí mura ndéanfar an cúram ag teastáil sa trádáil.

(3) D’fhéadfaí an féichiúnaí a dhíolmhú ón dhliteanas i leith gníomhartha intinneacha roimh ré.’

22 De réir Airteagal 823 de BGB:

‘(1) Aon duine a dhéanfaidh, ag gníomhú le hintinn nó go faillíoch, dochar go neamhdhleathach do bheatha, do chorp, do shláinte, do shaoirse, do mhaoin nó ar d’aon cheart eile de chuid duine eile, dlifear ar an duine sin cúiteamh ar an damáiste a tharlóidh mar thoradh air sin a íoc leis an duine eile sin.

(2) Tá feidhm ag an oibleagáid chéanna maidir le duine a sháraíonn dlí atá ceaptha chun duine eile a chosaint. Más rud é, de bhua ábhar an dlí, gur féidir é a shárú freisin gan locht, ní thagann an oibleagáid cúiteamh a chur ar fáil chun cinn ach amháin i gcás lochta.’

23 Foráiltear don mhéid seo a leanas le hAirteagal 826 de BGB:

‘Aon duine a dhéanann dochar do dhuine eile le hintinn, ar bhealach atá ar neamhréir leis an mbeartas poiblí agus prionsabail na moráltachta, dlifear air an dochar sin a chúiteamh.’

24 Foráiltear don mhéid seo a leanas in Airteagal 6(1) den Verordnung über die EG-Genehmigung für Kraftfahrzeuge und ihre Anhänger sowie für Systeme, Bauteile und selbstständige technische Einheiten für diese Fahrzeuge (EG-Fahrzeuggenehmigungsverordnung – EG-FGV) [Rialachán maidir le ceadú mótarfheithiclí agus a leantóirí, agus córas, comhpháirteanna agus aonad teicniúil ar leithligh atá ceaptha le haghaidh feithiclí den sórt sin (Rialachán maidir le deimhniú CE feithiclí, ‘EG-FGV’)] an 3 Feabhra 2011:

‘Maidir le gach feithicil atá ag teacht leis an gcineál ceadaithe, beidh ar shealbhóir cineálcheadú CE feithicle deimhniú comhréireachta a eisiúint de réir bhrí Airteagal 18 i gcomhar le hIarscríbhinn IX a ghabhann le Treoir 2007/46. I gcomhréir le hAirteagal 18(3) de Threoir 2007/46, déanfar an deimhniú comhréireachta i gcaoi nach féidir é a fhalsú.’

25 Foráiltear don mhéid seo a leanas in Airteagal 27(1) de EG-FGV:

‘Ní fhéadfar feithiclí nua, aonaid theicniúla ar leithligh nó comhpháirteanna lena n-éilítear deimhniú comhréireachta i gcomhréir le hIarscríbhinn IX a ghabhann le Treoir [2007/46] […], a thairiscint lena ndíol, a dhíol ná a chur ar an margadh sa Ghearmáin chun críocha tráchta bóthair ach amháin má tá deimhniú comhréireachta bailí ag gabháil leo. Níl feidhm aige seo maidir le feithiclí de réir bhrí Airteagal 8 de Threoir 2003/37.’

Na díospóidí sna príomhimeachtaí agus na ceisteanna a tarchuirtear le haghaidh réamhrialú

26 Is déantóir gluaisteán é Volkswagen ar thóg CM agus DS ar cíos iad ó dhíoltóirí proifisiúnta.

27 De réir ordú an 14 Márta 2016 agus ar phraghas EUR 49 950, fuair CM feithicil bhranda Volkswagen ina raibh inneall díosail chineál EA 288. Ar a fáil, bhí san fheithicil sin córas braite raoin rollaigh, ar baineadh di an 10 Deireadh Fómhair 2017 agus na bogearraí lena mbaineann á n-uasdátú, chomh maith le bogearraí ríomhchláraithe innill trína laghdaítear an ráta athshruthaithe gáis sceite i gcás inar lú na teochtaí taobh amuigh ná tairseach áirithe, rud a chuireann le hastaíochtaí NOx. Mar sin, ní bhíonn lán-éifeacht leis an athshruthú sin ach i gcás nach laghdaíonn an teocht sheachtrach faoin tairseach sin (‘an raon teochtaí’).

28 De dheasca an dá fheiste sáraithe sin a bheith ann is neamhdhleathach go líomhainte iad, measann CM go ndearnadh díobháil dó de dheasca sárú intinneach agus mar atá ar neamhréir leis an mbeartas poiblí agus leis an moráltacht, de réir 826 de BGB, rud atá inchurtha i leith Volkswagen.

29 Trína chaingean arna cur faoi bhreith Landgericht Ravensburg (Cúirt Réigiúnach Ravensburg, An Ghearmáin), arb í an chúirt a rinne an tarchur, éilíonn sé go n-íocfaí suim EUR 8 938 leis mar chúiteamh ar an díobháil arna déanamh dó, a thagann le 20 % í de luach ceannaigh na feithicle agus, go tánaisteach, éiric atá le tomhas ag an gcúirt sin, nach féidir gur lú ná EUR 6 703.50 í, áfach, arb ionann í sin agus 15 % den phraghas ceannaigh.

30 De réir an ordaithe tarchuir, glacann Volkswagen leis go bhfuil an córas braite raoin rollaigh ar na bogearraí arna n-úsáid chun an ráta athshruthaithe gáis sceite a laghdú nach mbaineann iad leis an tSraith Nua Eorpach Tiomána, i gcás ina mbaintear teocht oibriúcháin 200 céim Celsius amach. I

gcás ina mbeadh de theocht sin nó a sárú ann, chuirfí le laghdú a dhéanamh ar astaíochtaí NOx tríd an gcóras dí-ocsaídithe chatalaíoch roghnaithigh, sa chaoi go gcomhlíonfaí na huasluacha ach go háirithe.

31 Maidir leis an raon teochtaí, éilíonn an chuideachta sin go laghdaítear an ráta athshruthaithe gáis sceite faoi bhun teocht chomhthimpeallach os cionn 12 chéim Celsius. Ba dhleathach an raon teochtaí sin i gcás inar gá leis ar mhaithe leis an bhfeithicil a oibriú go sábháilte.

32 Mar mhalairt air sin, líomhnaíonn an chuideachta sin, ar mhaithe lena díolmhú ó dhliteanas, go ndearnadh earráid dholeasaithe ó thaobh neamhdhleathacht na bhfeistí sáraithe agus, chuige sin, agraíonn sí an ceadú 'hipitéiseach' ag an Kraftfahrt-Bundesamt (Údarás na Cónaidhme um Mótar-Iompar, an Ghearmáin), is é sin go ndeimhneodh an t-údarás sin is inniúil ar chineálcheadú CE gurbh ann d'fheiste dhleathach sáraithe trí mheasúnú earráideach dlí a dhéanamh aige, i gcás a cheistiú ('an ceadú hipitéiseach').

33 De réir ordú an 29 Márta 2016 agus ar phraghas EUR 32 000, fuair DS feithicil bhranda Volkswagen ina raibh inneall díosail chineál EA 189. Ar a fáil, bhí feiste neamhdhleathach sáraithe leis an bhfeithicil sin, trína mbraitíl raon rollaigh le chóras lascaistrithe mótair.

34 I ndiaidh d'Údarás na Cónaidhme um Mótar-Iompar ceangal ar Volkswagen, trí chinntí an 14 Deireadh Fómhair 2015 agus an 15 Deireadh Fómhair 2015, an fheiste sin a bhaint d'fheithiclí arna gcur ar an margadh, suiteáladh san fheithicil de chuid DS an 7 Márta 2017 bogearraí arna bhforbairt ag Volkswagen agus arna gceadú ag an údarás sin. Ag an am céanna, áfach, suiteáladh san fheithicil sin feiste sáraithe eile, a bhí ina raon teochtaí.

35 Dá réir sin, measann DS go ndearnadh díobháil dó de dheasca sárú a dhéanamh go hintinneach agus mar atá ar neamhréir leis an mbeartas poiblí agus leis an moráltacht, rud atá inchurtha i leith Volkswagen.

36 Trína chaingean arna cur faoi bhreith na cúirte a rinne an tarchur an 4 Márta 2021, iarrann DS, ar dtús, éiric atá le tomhas ag an gcúirt sin nach féidir gur lú ná EUR 4 800 í, arb ionann í sin agus 15 % den phraghas ceannaigh, agus, anuas air sin, go gcinnfí sa breis nach mór do Volkswagen éiric a thabhairt dó sa díobháil arna déanamh dó de dheasca shuiteáil na feiste sáraithe ba raon teochtaí é.

37 Cuireann Volkswagen neamh-inghlacthacht de réir na tréimhse teorann leis i gcoinne an iarratais sin agus iarrann sé go diúltófaí dó ach go háirithe.

38 Maidir leis an raon teochtaí, líomhnaíonn an chuideachta sin nach laghdófaí an t-athshruthú gáis sceite ach faoi bhun teocht os cionn 10 gcéim Celsius, ba ghá leis ar mhaithe leis an bhfeithicil a oibriú go sábháilte.

39 Anuas air sin, sonraíonn sé, ina breithiúnais an 14 Iúil 2022, *GSMB Invest* (C-128/20, EU:C:2022:570) an 14 Iúil 2022, *Volkswagen* (C-134/20, EU:C:2022:571) an 14 Iúil 2022, agus *Porsche Inter Auto agus Volkswagen* (C-145/20, EU:C:2022:572), gur bhraith an Chúirt, le haghaidh fheithiclí bhranda Volkswagen ina bhfuil raon teochtaí mar a chéile, ar réim sheachtraigh teochtaí idir 15 agus 33 chéim Celsius. Cuireadh chuige mar sin de réir a raibh faighte amach ag na cúirteanna náisiúnta nár bhain leis na himthosca a bhí i gceist leis na príomhimeachtaí.

40 Mar mhalairt air sin, líomhnaíonn an chuideachta sin earráid dholeasaithe ó thaobh neamhdhleathacht na feiste sin agus, ina leith sin, agraíonn sí ceadú hipitéiseach ag Údarás na Cónaidhme um Mótar-Iompar.

41 Measann an chúirt a rinne an tarchur, ar an gcéad dul síos, nach cosúil go bhfuil bunús le ceart a bheith ag CM agus ag DS ar chúiteamh, de réir Airteagal 826 de BGB, sa díobháil intinneach arna déanamh atá ar neamhréir leis an mbeartas poiblí agus leis an moráltacht.

42 Tugann an chúirt sin faoi deara gur deimhin go raibh feiste neamhdhleathach sáraithe de réir bhrí Airteagal 5(2) de Rialachán Uimh. 715/2007 le feithicil CM ar a fáil agus gur suiteáladh a leithéid d'fheiste i bhfeithicil DS agus bogearraí a n-uasdátú.

43 Maidir leis an dá fheithicil sin, laghdófaí an t-athshruthú gáis sceite os cionn teocht chomhthimpeallach 10 gcéim Celsius, ba chúis ag an gcúirt sin a chreidiúint go raibh raon neamhdhleathach teochtaí ann sa dá chás. Ní fhéadfaí dleathacht a thabhairt síos don raon teochtaí sin de réir an dara fomhír d'Airteagal 5(2) den Rialachán sin, a bhaineann le baol díreach dochair nó timpiste don inneall a sheachaint, is cúis leis nó léi dul ó fheidhm páirte den chóras athshruthaithe gáis sceite, a bhíonn de thromchúis sin gur contúirt nithiúil é agus feithicil á tiomáint ina mbíonn an fheiste sin, ós rud é gur cheart go mbeadh riosca sonrach ar iarraidh sa chás seo.

44 Thairis sin, ó thaobh CM de, mheas an chúirt chéanna nach bhfuil sé le cinneadh ach an oiread go bhfuil an critéar eile maolaithe comhlíonta i bhfianaise an chásdlí a thagann ó bhreithiúnas an 14 Iúil 2022, *GSMB Invest* (C-128/20, EU:C:2022:570, mír 65), ar critéar é ar dá réir nach bhfuil feiste sáraithe le bheith i bhfeidhm le linn an chuid is mó den bhliain. Go deimhin, laghdófaí athshruthú gáis sceite na feithicle sin nuair a thiteann an teocht chomhthimpeallach go 12 chéim Celsius, bíodh is lú ná an tairseach sin na meánteochtaí bliantúla sa Ghearmáin.

45 Ina n-ainneoin sin, áitíonn an chúirt an chúirt a rinne an tarchur nach bhfuiltear ag déanamh go hintinneach agus ar neamhréir go hoibiachtúil leis an mbeartas poiblí agus leis an moráltacht, de réir bhrí Airteagal 826 de BGB, sna díospóidí sna príomhimeachtaí de dheasca, *inter alia*, feistí sáraithe a bheith ann atá 'neamhdhleathach go follasach' de réir chásdlí Bundesgerichtshof (Cúirt Bhreithiúnais na Cónaidhme, an Ghearmáin).

46 Ar an dara dul síos, measann an chúirt nach bhfuil ceart ar éiric ag CM agus DS de bhun Airteagal 823(2) de BGB.

47 Agus tagairt á déanamh aici do bhreithiúnas an Bundesgerichtshof (Cúirt Bhreithiúnais na Cónaidhme) an 26 Meitheamh 2023 ('breithiúnas an Bundesgerichtshof'), luann an chúirt sin go gcosnaítear le hAirteagal 823(3) de BGB, arna léamh in éineacht le hAirteagail 6(1) agus 27(1) de EG-FGV, leasanna fhaighteoir na feithicle ar aon chaillteanas maoine, de dheasca an tsáraithe ag an déantóir ar dhlí an Aontais a bhaineann le gás sceite gluaisteán.

48 I dtaca leis sin, ba chosúil, ar an gcéad dul síos, gur sháraigh Volkswagen an ceart sin de dheasca raon neamhdhleathach teochtaí a shuiteáil sna feithiclí lena mbaineann.

49 Ar an dara dul síos, líomhnaíonn sí go raibh an ceart ar chúiteamh de réir an choinníll chomh maith go ndearna déantóir na feithicle faillí ar a laghad maidir leis an bhfeiste sáraithe i gceist, ar an mbun go raibh locht ar an déantóir.

50 Líomhnaítear gurbh fhéidir leis an déantóir sin a bheith díolmhaithe óna dhliteanas sin trína agairt agus taispeáint gurb ann do chás ar leith ar léir uaidh nach ndearna sé faillí, rud a bhfuil baint leis ag an bhfianaise ar earráid dholeasaithe ó thaobh neamhdhleathacht na feiste sáraithe i gceist.

51 Ar an tríú dul síos, luann an chúirt chéanna, ar dtús, go ndéantar a leithéid d'earráid i gcás, agus an cúram ag teastáil á dhéanamh aige, ina ndearna an déantóir sin cinneadh dlí de bhun dianscrúdú ar an gcás dlíthiúil, ag féachaint do chásdlí na gcúirteanna is airde, agus nach bhféadfadh súil a bheith aige le measúnú eile air sin. Anuas air sin, ba dholeasaithe a leithéid d'earráid i gcás inarb intugtha le fios ag an déantóir cineálcheadú CE arna eisiúint le haghaidh na feiste sáraithe i gceist atá i gcomhréir le hAirteagal 5(2) de Rialachán 715/2007.

52 B'fhéidir gur leor ceadú is hipitéiseach amháin, mar a thagraítear dó i mír 32 den bhreithiúnas seo feasta, de réir bhreithiúnas an Bundesgerichtshof.

53 Fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, i bhfianaise dhlí an Aontais, an bhféadfaí diúltú do cheart ag faighteoir feithicle ina bhfuil feiste neamhdhleathach sáraithe toisc go ndearna an déantóir lena mbaineann earráid dholeasaithe ó thaobh neamhdhleathacht na feiste sin agus, i gcás ina dtabharfaí freagra deimhneach ar an gceist sin, an bhféadfaí ceadú éifeachtach na feithicle i gceist ag an údarás inniúil náisiúnta, nó fiú ceadú hipitéiseach, a thabhairt mar bhunús le díolmhú an déantóra sin.

54 Ar an gceathrú dul síos, luann an chúirt sin, ó thaobh DS de, go raibh cosc ama ar an gceart ar éiric maidir leis an bhfeiste sáraithe a bhí ann agus an fheithicil á fáil, is é sin trína mbraitítí raon rollaigh leis an gcóras lascaistrithe mótair. Sa mhéid, áfach, go raibh san fheithicil sin, ó shuiteáil Volkswagen an t-uasdátú, feiste nua mhídhleathach sáraithe ba raon teochtaí é, bhí ceist ann an amhlaidh nach bhfuil ceart ar chúiteamh ag an sealbhóir i leith an déantóra.

55 Ar an gcúigiú dul síos, tugann an chúirt sin faoi deara gurb í atá i gceist leis an gceart ar chúiteamh de réir Airteagal 823(2) de BGB, arna léamh in éineacht le hAirteagail 6(1) agus 27(1) de EG-FGV, ná 'mionéiric', is í sin íocaíocht suime airgid is ionann í agus a bhfuil idir luach na feithicle ina bhfuil feiste neamhdhleathach sáraithe agus luach na feithicle sin gan an fheiste sin.

56 I gcomhréir le breithiúnas an Bundesgerichtshof, níor mhór na buntáistí atá ag baint le húsáid na feithicle a bhaint ó mhéid na héirice, i gcás inar mó iad, in éineacht le luach iarmharach na feithicle, ná an praghas ceannaigh i ndiaidh an mhéid sin a asbhaint. Thairis sin, chuir an chúirt sin de cheangal nach féidir gur mó an éiric ná 15 % den phraghas ceannaigh ar chúiseanna comhréireachta.

57 Is ábhar amhrais ag an gcúirt a rinne an tarchur comhréireacht an chásdlí sin le dlí an Aontais.

58 Sna himthosca sin, chinn Landgericht Ravensburg (an Chúirt Réigiúnach, Ravensburg) bac a chur ar na himeachtaí agus na ceisteanna seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú:

'(1) 1. An féidir diúltú d'éileamh cheannaitheoir na feithicle ar dhamáistí i gcoinne mhonaróir na feithicle mar gheall ar fheithicil a atá feistithe le feiste sáruithe neamhdhleathach de réir bhrí Airteagal 5(2) de Rialachán [Uimh. 715/2007] a chur ar an margadh go faillíoch a dhiúltú ar na forais,

a) go raibh earráid dhosheachanta ann maidir le nádúr éagórach an ghnímh ar thaobh an mhonaróra?

[I] gcás go dtabharfar freagra dearfach:

b) go raibh an earráid maidir le cineál éagórach an ghnímh dosheachanta don mhonaróir toisc gur údaraigh an t-údarás atá freagrach as cineálcheaduithe CE nó as bearta iardain an fheiste sáraithe suiteáilte?

[I] gcás go dtabharfar freagra dearfach:

c) go raibh an earráid maidir le cineál éagórach an ghnímh dosheachanta don mhonaróir ós rud é go mbeadh léiriú dlíthiúil ag monaróir na feithicle ar Airteagal 5(2) de Rialachán [Uimh. 715/2007] daingnithe ag an údarás atá freagrach as cineálcheadú CE nó as bearta iardain (faomhadh hipitéiseach)?

2) An gcaithfidh monaróir na feithicle a sheachadann nuashonrú bogearraí cúiteamh a íoc le ceannaitheoir na feithicle más rud é, nuair a ceannaíodh an fheithicil, gur suiteáladh feiste sáraithe neamhdhleathach de réir bhrí Airteagal 5(2) de Rialachán [Uimh. 715/2007] le nuashonrú bogearraí agus go ndearnadh damáiste don cheannaitheoir feithicle mar thoradh air?

3) An bhfuil sé ag luí le dlí an Aontais más rud é, i gcás ceart chun cúitimh i gcoinne mhonaróir na feithicle as feithicil atá feistithe le feiste sáraithe neamhdhleathach de réir bhrí Airteagal 5(2) de Rialachán [Uimh. 715/2007] a chur ar an margadh go faillíoch,
   a) nach mór do cheannaitheoir na feithicle glacadh leis go ndéanfar na tairbhí a thagann as úsáid na feithicle a fhritháireamh i gcoinne mhéid an chúitimh, má tá ceannaitheoir na feithicle ag éileamh cúiteamh beag, i gcás ina sáraíonn na tairbhí a thagann as an úsáid, mar aon leis an luach iarmharach, an praghas ceannaigh a íocadh lúide méid an chúitimh[;]
   b) go bhfuil éileamh an cheannaitheora feithicle ar chúiteamh beag teoranta d'uasmhéid 15% den phraghas ceannaigh a íocadh?'

Na ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

An chéad cheist

59 De réir chásdlí comhsheasmhach na Cúirte, maidir leis an nós imeachta um chomhar idir na cúirteanna náisiúnta agus an Chúirt a leagtar síos in Airteagal 267 CFAE, tá freagra fónta le tabhairt ag an gCúirt Bhreithiúnais don chúirt náisiúnta le caoi a thabhairt di ar rialú a thabhairt ar an gcás. I dtaca leis sin, d'fhéadfadh an Chúirt a bheith den tuairim gur gá rialacha dhlí an Aontais a chur san áireamh nár thagair an chúirt náisiúnta dóibh agus an cheist á leagan amach. Toisc gur scríobh cúirt náisiúnta, go foirmiúil, ceist a tarchuireadh chun réamhrialú trí thagairt a dhéanamh d'fhorálacha áirithe de dhlí an Aontais, ní chuireann sé sin cosc ar an gCúirt Bhreithiúnais na léirmhínithe a d'fhéadfadh a bheith ina gcúnamh le linn breithniú a dhéanamh ar an gcás os a comhair a chur ar fáil don chúirt sin, cibé acu ar tharchuir sí chucu i bhfoclaíocht a ceisteanna nó nach ndearna. I dtaca leis sin, bíonn ar an gCúirt na gnéithe a bhfuil léiriú le déanamh orthu, i bhfianaise chuspóir na díospóide, a bhaint ón bhfianaise ar fad arna soláthar ag an gcúirt náisiúnta agus go háirithe ó na cúiseanna arna lua leis an ordú tarchuir (breithiúnas an 26 Meán Fómhair 2024, *Luxone agus Sofein*, C-403/23 agus C-404/23, EU:C:2024:805, mír 47 agus an cásdlí dá dtagraítear).

60 Sa chás seo, táthar ar chomhthuiscint go mbaineann na díospóidí sna príomhimeachtaí leis an gceart ar éiric ag CM agus DS i leith Volkswagen sa dochar arna dhéanamh de dheasca feistí neamhdhleathacha sáraithe a bheith ina bhfeithiclí faoi seach, de réir Airteagal 5(2) de Rialachán Uimh. 715/2007 agus le hinagarthacht ceadaithe hipitéisigh ag an déantóir gluaisteán sin mar chúis lena dhíolmhú ón dliteanas chuige sin, is féidir an ceadú hipitéiseach sin agus earráid dholeasaithe ó thaobh neamhdhleathacht na feiste sin de.

61 Is tábhachtach a chur i dtreis go ndlíonn ceannaitheoir mótarfheithicle ina bhfuil feiste sáraithe cúiteamh de dhéantóir na feithicle sin faoi Airteagal 26(1) agus Airteagal 46 de Rialachán Uimh. 715/2007, arna léamh in éineacht le hAirteagal 5(2) de Rialachán Uimh. 715/2007, de réir an chásdlí atá ann de réir bhreithiúnas an 23 Márta 2023, *Mercedes-Benz Group (Dliteanas déantóirí feithiclí ina bhfuil feistí sáraithe)* (C-100/21, 'breithiúnas Mercedes-Benz Group', EU:C:2023:229, mír 91), i gcás ina ndearnadh dochar don cheannaitheoir sin leis an bhfeiste sin.

62 Sna himthosca sin, ní mór a chinneadh, trína céad cheist, go bhfiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an bhfuil léiriú le déanamh ar Airteagail 18(1), 26(1) agus Airteagal 46 de Threoir 2007/46, arna léamh in éineacht le hAirteagal 5(2) de Rialachán Uimh. 715/2007 sa chaoi gur neamh-inagartha ag déantóir feithicle mar chúis lena dhíolmhú ó dhliteanas chuige sin, agus caingean arna tionscnamh ag ceannaitheoir mótarfheithicle le haghaidh an dochair a chúiteamh de dheasca feiste neamhdhleathach sáraithe a bheith san fheithicil sin, de réir bhrí Airteagal 5(2) sin, go ndearnadh earráid dholeasaithe i leith neamhdhleathacht na feiste sin toisc gur thug an t-údarás náisiúnta inniúil cineálcheadú CE na feiste sin nó na feithicle ina bhfuil sí nó gur dheimhnigh an t-údarás sin, i gcás a cheistithe ag an déantóir sin, an measúnú dlíthiúil air maidir le dleathacht líomhainte na feiste sáraithe lena mbaineann.

63 I dtaca leis sin, ní mór a thabhairt chun cuimhne go gcosnaítear trí Airteagail 18(1) agus 26(1) chomh maith le hAirteagal 46 de Threoir 2007/46, arna léamh in éineacht le hAirteagal 5(2) de Rialachán Uimh. 715/2007, leasanna ar leith ceannaitheora aonair feithicle ó thaobh an déantóra de i gcás ina bhfuil feiste choiscthe sáraithe leis an bhfeithicil sin, de réir bhrí na forála sin (breithiúnas Mercedes-Benz Group, mír 88).

64 De réir na bhforálacha sin mar sin, bíonn sé de cheart ag ceannaitheoir aonair mótarfheithicle i leith dhéantóir na feithicle sin nach mbeadh a leithéid d'fheiste choiscthe sáraithe leis an bhfeithicil sin, de réir bhrí Airteagal 5(2) den Rialachán sin (breithiúnas Mercedes-Benz Group, mír 89).

65 Dá bhrí sin, bíonn ar na Ballstáit, de réir Airteagal 46 de Threoir 2007/46, na pionóis a shocrú is infheidhme iad maidir leis an gcás nach gcomhlíonfaí forálacha Threoir 2007/46. Ní mór na pionóis sin a bheith éifeachtach comhréireach agus athchomhairleach. A dhála sin, i gcomhréir le hAirteagal 13(1) de Rialachán Uimh. 715/2007, bíonn ar na Ballstáit forálacha a leagan síos maidir leis na pionóis is infheidhme maidir le sáruithe ar fhorálacha an Rialacháin sin. Ní mór na pionóis sin a bheith éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach (breithiúnas Mercedes-Benz Group, mír 90).

66 Sna himthosca sin, mar a luadh i mír 61 den bhreithiúnas seo, ceanglaítear ar na Ballstáit de réir Airteagail 18(1) agus 26(1) agus Airteagal 46 de Threoir 2007/46, arna léamh in éineacht le hAirteagal le hAirteagal 5(2) de Rialachán Uimh. 715/2007, a fhoráil go bhfuil ceart cúitimh ag ceannaitheoir feithicle ina bhfuil feiste choiscthe sáraithe, de réir bhrí Airteagal 5(2) den Rialachán sin, i leith dhéantóir na feithicle sin i gcás ina ndearnadh dochar don cheannaitheoir sin tríd an bhforáil sin (breithiúnas Mercedes-Benz Group, mír 91).

67 Murab ann d'fhorálacha dhlí an Aontais maidir leis an gcaoi le cúiteamh a fháil ag ceannaitheoirí a leithéide d'fheithicil, socraíonn gach Ballstát an chaoi sin (féach, chuige sin, breithiúnas Mercedes-Benz Group, mír 92).

68 Dá ainneoin sin, ní bheadh reachtaíocht náisiúnta i gcomhréir le prionsabal na héifeachtachta a fhágann cúiteamh cóir dofhaighte nó ródheacair a fháil ag ceannaitheoir mótarfheithicle sa dochar arna déanamh dó de dheasca an tsáraithe ag déantóir na feithicle sin ar an gcosc arna leagan amach in Airteagal 5(2) den Rialachán sin (breithiúnas Mercedes-Benz Group, mír 93).

69 Go sonrach, ní féidir a dhéanamh, de réir na ndálaí inarb inagartha earráid dholeasaithe ag déantóir feithiclí ó thaobh neamhdhleathacht na feiste sáraithe ar mhaithe lena dhíolmhú ó aon dliteanas chuige sin, go bhfuil a leithéid de chúiteamh dofhaighte nó ródheacair a fháil i ngníomh ag ceannaitheoir feithicle ina bhfuil a leithéid d'fheiste.

70 De réir an ordaithe tarchuir, d'fhéadfadh déantóir gluaisteáin, de réir bhreithiúnas an Bundesgerichtshof, a bheith díolmhaithe ó aon dliteanas trína agairt agus taispeáint gurb ann d'earráid dholeasaithe maidir le neamhdhleathacht na feiste sáraithe atá leis an bhfeithicil i gceist, rud a fhágann nach féidir faillí a bheith déanta aige agus, a dhála sin, nach bhfuil ceart ag faighteoir na feithicle sin ar chúiteamh.

71 De réir na ndoiciméad atá ag an gCúirt, meastar gur cúis eisceachtúil lena dhíolmhú ó dhliteanas i leith fhaillí an déantóra gluaisteáin í agairt earráide doleasaithe ó thaobh neamhdhleathacht na feiste sáraithe, de réir na reachtaíochta náisiúnta.

72 Thairis sin, mar a mhíníonn an chúirt a rinne an tarchur, is inagartha le héifeacht an earráid dholeasaithe sin maidir le neamhdhleathacht feistí sáraithe atá le feithicilí, ar nós na bhfeistí i gceist sna príomhimeachtaí, ag an déantóir gluaisteán i gcás inarb é is cúis léi gur thug an t-údaráis inniúil cineálcheadú CE le haghaidh an chineáil feithicle lena mbaineann.

73 Ní mór a thabhairt chun cuimhne, ar an gcéad dul síos, i gcomhréir le hAirteagal 5(2) de Rialachán Uimh. 715/2007, go bhfuil cosc ar fheistí sáraithe a úsáid lena mbaintear ó éifeachtacht córas rialaithe astaíochtaí. Tá trí eisceacht leis an gcosc sin, áfach, atá le léiriú go cruinn (féach, chuige sin, breithiúnas Mercedes-Benz Group, míreanna 60 agus 61).

74 De réir Airteagal 5(2)(a) go (c) de Rialachán Uimh. 715/2007, ní bhíonn feidhm ag an gcosc sin ach 'i gcás ina mbeidh call leis an bhfeiste chun an t-inneall a chosaint ó dhamáiste nó ó thionóisc agus chun go n-oibreoidh an fheithicil go sábháilte'[(a)], 'i gcás nach n-oibreoidh an fheiste ach chun críocha an t-inneall a dhúiseacht' [(b)], nó 'i gcás ina bhfolófar go suntasach sna nósanna imeachta tástála coinníollacha chun astaíochtaí galaithe agus meánastaíochtaí ó sceithphíopaí a fhíorú' [(c)],

75 Sa chás seo, bhí feiste neamhdhleathach sáraithe, de réir bhrí Airteagal 5(2) de Rialachán Uimh. 715/2007, leis na feithiclí i gceist sna príomhimeachtaí de réir an ordaithe tarchuir.

76 Sa mhéid nach bhfuil feidhm ag aon cheann de na heisceachtaí dá dtagraítear in Airteagal 5(2)(a) go (c) maidir leis na feistí sáraithe i gceist, rud atá le fíorú ag an gcúirt a rinne an tarchur, ní fhéadfadh déantóir gluaisteán a chuireann a leithéid d'fheistí lena bhfeithiclí iompar dleathach a agairt i bhfianaise na forála sin mar sin.

77 Ar an dara dul síos, ní mór a lua, de réir Airteagal 3(5) de Threoir 2007/46, gurb é atá i gceist leis an gcoincheap 'cineálcheadú CE' ná beart trína dtugann Ballstát deimhniú le forálacha riaracháin agus ceanglais theicniúla is infheidhme a bheith á gcomhlíonadh le cineál feithicle, córais, páirte nó aonaid theicniúil is infheidhme maidir leis an Treoir sin agus na gníomhartha reachtacha arna leagan amach in Iarscríbhinní IV nó XI den Treoir sin.

78 Mar sin, is é atá i gceist le cineálcheadú CE ná caighdeán comhréireachta le haghaidh líon mór feithiclí. Is comhartha é go bhfuil dearadh an chineáil feithicle lena mbaineann, ina n-áirítear an fheiste sáraithe suiteáilte, i gcomhréir leis na forálacha agus ceanglais is infheidhme mar a luaitear iad sa mhír roimhe seo.

79 De réir chásdlí na Cúirte, ní féidir a chur as an áireamh go bhféadfadh an t-údarás is inniúil ar cheadú cineál feithicle a cheadú, ar feithicil í lena mbaineann cineálcheadú CE, faoina bhfuil cead le feidhm a bhaint aisti ar na bóithre, gan é a bheith nochta dó gurb ann d'fheiste neamhdhleathach sáraithe. I dtaca leis sin, foráiltear le Treoir 2007/46 don chás nach bhfaighfí amach gur neamhdhleathach cuid de dhearadh feithicle i bhfianaise, mar shampla, cheanglais Airteagal 5(2) de Rialachán Uimh. 715/2007, ach i ndiaidh an cheadaithe sin. I gcás mar sin, foráiltear le hAirteagal 8(6) den Treoir sin go bhféadfadh an t-údarás sin cineálcheadú feithicle a chealú. Thairis sin, fágann an chéad abairt agus an tríú abairt d'Airteagal 13(1) den Treoir sin, i gcás ina gcuireann déantóir leasú ar an bhfaisnéis arna taifeadadh sa chomhad ceadaithe in iúl don Bhallstát ar thug cineálcheadú CE, go bhfuil sé inchinnte ag an mBallstát sin, más gá é, i gcomhairle leis an déantóir, nach mór cineálcheadú CE a thabhairt in athuair. Faoi dheireadh, foráiltear le hAirteagal 30(1) den Treoir chéanna go nglacfaidh Ballstát na bearta is gá i gcás inar thug an Ballstát sin, a thug cineálcheadú CE, neamhréireacht síos do chineál feithicle atá ceadaithe aige, ar bearta iad ina n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, tarraingt siar an cheadaithe sin, le cinntiú go gcuirfí na feithiclí arna dtáirgeadh ag teacht leis an gcineál sin (breithiúnas Mercedes-Benz Group, mír 83 agus an cásdlí dá dtagraítear).

80 Dá bhrí sin, d'fhéadfadh neamhdhleathacht feiste sáraithe atá le mótarfheithicil, a thagtar uirthi i ndiaidh chineálcheadú CE na feithicle sin, a bheith ina cúis amhrais faoi bhailíocht an cheadaithe sin agus, dá réir sin, an deimhnithe comhréireachta trína bhféachtar le deimhniú a thabhairt leis go raibh an fheithicil sin, a bhaineann le sraith an chineáil cheadaithe, i gcomhréir leis na gníomhartha reachtacha ar a táirgeadh (breithiúnas Mercedes-Benz Group, mír 84).

81 Tugtar le tuiscint uaidh nach gá go gciallaíonn cineálcheadú CE feithicle a bhfuil feiste sáraithe léi gur dheimhnigh an t-údarás náisiúnta inniúil measúnú an déantóra ar an bhfeithicil lena mbaineann maidir le neamhdhleathacht líomhnaithe na feiste sin. In aon chás ar bith, ní féidir an déantóir sin a dhíolmhú óna oibleagáid trína leithéid de cheadú nó, níos lú fós, ceadú hipitéiseach, éiric a thabhairt do cheannaitheoir na feithicle lena mbaineann in aon dochar arna dhéanamh ag an bhfeiste sin a bheith san fheithicil.

82 D'fhágfadh glacadh leis gur féidir gur cúis le déantóir na feithicle a dhíolmhú óna dhliteanas é cineálcheadú CE feithicle a bhfuil feiste sáraithe inti cúiteamh cóir dofhaighte nó ródhéacair a fháil ag ceannaitheoir na feithicle sin sa dochar arna dhéanamh ag an sárú ag déantóir na feithicle sin ar an gcosc arna leagan amach in Airteagal 5(2) de Rialachán Uimh. 715/2007, mar a bheadh ar neamhréir le prionsabal na héifeachtachta. Go deimhin, neamhneofaí an ceart ar chúiteamh cóir de dheasca seasamh lena leithéid de chúis le díolmhú i ngach cás ina dtagann an fheithicil lena mbaineann leis an gcineál arna cheadú, fiú má táthar ar chomhthuiscint go bhfuil feiste neamhdhleathach sáraithe leis an bhfeithicil sin.

83 I bhfianaise na mbreithnithe thuas, an freagra atá le tabhairt ar an gcéad cheist ná go bhfuil Airteagail 18(1), 26(1) agus Airteagal 46 de Threoir 2007/46, arna léamh in éineacht le hAirteagal 5(2) de Rialachán Uimh. 715/2007 le léiriú sa chaoi gur neamh-inagartha ag déantóir feithicle mar chúis lena dhíolmhú ó dhliteanas chuige sin, agus caingean arna tionscnamh ag ceannaitheoir mótarfheithicle le haghaidh an dochair a chúiteamh a rinneadh de dheasca feiste neamhdhleathach sáraithe a bheith san fheithicil sin, de réir bhrí Airteagal 5(2) sin, go ndearnadh earráid dholeasaithe i leith neamhdhleathacht na feiste sin toisc gur thug an t-údarás náisiúnta inniúil cineálcheadú CE na feiste sin nó na feithicle ina bhfuil sí nó gur dheimhnigh an t-údarás sin, i gcás a cheistithe ag an déantóir sin, an measúnú dlíthiúil air maidir le dleathacht líomhainte na feiste sáraithe lena mbaineann.

An dara ceist

84 Lena dara ceist, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go ginearálta, an gceanglaítear ar dhéantóir gluaisteán ar sholáthair uasdátú ar bhogearraí éiric a thabhairt do shealbhóir na feithicle i gcás ina ndearnadh dochar dó trí fheiste neamhdhleathach sáraithe, de réir bhrí Airteagal 5(2) de Rialachán Uimh. 715/2007, ar feiste í a suiteáladh agus na bogearraí sin á n-uasdátú.

85 De réir na ndoiciméad atá ag an gCúirt, áfach, féachtar tríd an gceist sin, le bheith níos cruinne faoi, le cinneadh an n-imrítear tionchar, de réir Airteagail 4(1) agus 5(2) de Rialachán Uimh. 715/2006 agus Airteagal 10(1) de Rialachán Uimh. 692/2008, ar an gceart ag faighteoir na feithicle lena mbaineann dá ndearnadh dochar, mar a fhoráiltear dó le dlí an Aontais, toisc feiste neamhdhleathach sáraithe a bheith suiteáilte cheana féin ar thabhairt chineálcheadú CE na feithicle ina bhfuil an fheiste sin, nó, os a choinne sin, ina dhiaidh sin.

86 I bhfianaise na faisnéise sin agus ag féachaint do chásdlí na Cúirte arna lua i mír 59 den bhreithiúnas seo, ní mór an dara ceist a chur in athfhocail ar dá réir a fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an bhfuil Airteagail 4(1) agus 5(2) de Rialachán Uimh. 715/2007 agus Airteagal 10(1) de Rialachán Uimh. 692/2008 le léiriú sa chaoi go gceanglaítear tríothu ar cheart ar chúiteamh a bheith ag faighteoir feithicle i leith an déantóra gluaisteáin, i gcás ina ndearnadh dochar don fhaighteoir sin trí fheiste neamhdhleathach sáraithe, de réir bhrí Airteagal 5(2), ar feiste í a shuiteáil an déantóir sin agus na bogearraí á n-uasdátú i ndiaidh chineálcheadú CE na feithicle sin.

87 I dtaca leis sin, ní fhágann focail Airteagal 5(2) de Rialachán Uimh. 715/2007, trína gcuirtear cosc ar úsáid feiste sáraithe lena mbaintear ó éifeachtacht na gcóras rialaithe astaíochtaí, de réir eisceachtaí áirithe, ná focail Airteagal 3(10) den Rialachán sin, ina sainmhínítear an coincheap ‘gaireas sáraithe’, go bhfuil idirdhealú le déanamh de réir cé acu ag céim táirgthe na feithicle nó i ndiaidh a curtha i mbun seirbhíse amháin a shuiteáiltear a leithéid d’fheiste, go háirithe i ndiaidh deisiú, de réir bhrí Airteagal 3(2) de Threoir 1999/44, chun críoch measúnú a dhéanamh an bhfuil cosc ar úsáid na feiste sin (breithiúnas an 14 Iúil 2022, *Volkswagen*, C-134/20, EU:C:2022:571, mír 88).

88 Cuirtear leis an léiriú sin trí chomhthéacs na bhforálacha sin de Rialachán Uimh. 715/2007 agus tríd an gcuspóir faoina dtugtar leis an Rialachán sin (breithiúnas an 14 Iúil 2022, *Volkswagen*, C-134/20, EU:C:2022:571, mír 89).

89 Go deimhin, ar an gcéad dul síos, maidir le comhthéacs na bhforálacha sin, ní mór a thabhairt chun cuimhne, i gcomhréir leis an dara habairt den chéad fhomhír d’Airteagal 4(1) den Rialachán sin, go léireoidh déantóirí go mbeidh gach feiste athsholáthair rialaithe truaillithe nua a mbeidh

cineálcheadú riachtanach dóibh a dhíolfar nó a chuirfear i mbun seirbhíse san Aontas Eorpach cineálcheadaithe i gcomhréir leis an Rialachán sin agus lena bhearta cur chun feidhme. Sonraítear sa dara fomhír d'Airteagal 4(1) go n-áirítear san oibleagáid sin comhlíonadh na dteorainneacha astaíochtaí dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin agus na bearta cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 5 den Rialachán céanna sin (breithiúnas an 14 Iúil 2022, *Volkswagen*, C-134/20, EU:C:2022:571, mír 90).

90 Sa chás ina bhfaigheann sé feithicil de chuid na sraithe feithicle cineálcheadaithe a bhfuil, uime sin, deimhniú comhréireachta ag gabháil léi, d'fhéadfadh coinne réasúnta a bheith ag tomhaltóir go gcomhlíontar Rialachán Uimh. 715/2007 agus, go háirithe, Airteagal 5 de maidir leis an bhfeithicil sin, fiú mura bhfuil aon fhorálacha conarthacha sonracha ann (breithiúnas Mercedes-Benz Group, mír 81 agus an cásdlí dá dtagraítear).

91 Thairis sin, de réir Airteagal 10(1) de Rialachán Uimh. 692/2008, '[n]a feistí athsholáthair rialaithe truaillithe atá le cur le feithiclí a bhfuil ceadú CE faigthe acu agus a thagann faoi raon feidhme Rialachán [Uimh. 715/2007], cinnteoidh an déantóir go bhfuarthas ceadú CE ina leith mar aonad teicniúil ar leith de réir Airteagal 10(2) de [Threoir 2006/46], i gcomhréir le hAirteagail 12 agus 13 d'Iarscríbhinn XIII den Rialachán seo' (breithiúnas an 14 Iúil 2022, *Volkswagen*, C-134/20, EU:C:2022:571, mír 91).

92 Leanann as na forálacha sin de Rialachán Uimh. 715/2007 agus de Rialachán Uimh. 692/2008 nach mór d'fheistí rialaithe truaillithe na hoibleagáidí a leagtar síos le Rialachán Uimh. 715/2007 a chomhlíonadh, bíodh sin agus iad suiteáilte ón tús nó tar éis d'fheithicil a bheith curtha i mbun seirbhíse (breithiúnas an 14 Iúil 2022, *Volkswagen*, C-134/20, EU:C:2022:571, mír 92).

93 Ar an dara dul síos, bheadh sé ar neamhréir leis an gcuspóir faoina dtugtar le Rialachán Uimh. 715/2007, arb é atá ann an comhshaol a chur faoi ard-chosaint agus, le bheith níos cruinne faoi, laghdú mór a dhéanamh ar astaíochtaí ocsaíde nítrigine (NOx) ó mhótarfheithiclí díosail ar mhaithe leis an gcaighdeán aeir a ardú agus na teorainnluacha truaillithe a chomhlíonadh, caoi a thabhairt do dhéantóirí na feithiclí ar fheiste sáraithe a shuiteáil i bhfeithicil i ndiaidh na feithicle a chur i mbun seirbhíse nach gcomhlíontar leis an hoibleagáidí sin (breithiúnas an 14 Iúil 2022, *Volkswagen*, C-134/20, EU:C:2022:571, mír 93).

94 Mar sin, ní hábhartha chun críocha measúnú a dhéanamh an gcoisctear úsáid na feiste sin, de réir Airteagal 5(2) den Rialachán sin, arna léamh in éineacht le hAirteagal 3(10) de, gur suiteáladh feiste sáraithe i ndiaidh feithicil a chur i mbun seirbhíse, le linn deisiú de réir bhrí Airteagal 3(2) de Threoir 1999/44 (féach, chuige sin, breithiúnas an 14 Iúil 2022, *Volkswagen*, C-134/20, EU:C:2022:571, mír 94).

95 Go deimhin, gan beann ar cé acu ar dtús a suiteáladh feiste sáraithe, is é sin ar chineálcheadú CE, nó ina dhiaidh, d'fhéadfadh sé gur ábhar éiginnteachta an fheiste sin faoin bhfeithicil sin a bheith nó gan bheith inchláraithe, indíolta nó inchurtha i mbun seirbhíse agus, i ndeireadh na dála, faoi dochar a bheith indéanta léi do cheannaitheoir na feithicle ina bhfuil a leithéid d'fheiste (féach, chuige sin, breithiúnas Mercedes-Benz Group, mír 84).

96 I bhfianaise a bhfuil thuas, an freagra atá le tabhairt ar an dara ceist ná go bhfuil Airteagail 4(1) agus 5(2) de Rialachán Uimh. 715/2007 agus Airteagal 10(1) de Rialachán Uimh. 692/2008 le léiriú sa chaoi go gceanglaítear tríothu ar cheart ar chúiteamh a bheith ag faighteoir feithicle i

leith an déantóra gluaisteáin, i gcás ina ndearnadh dochar don fhaighteoir sin trí fheiste neamhdhleathach sáraithe, de réir bhrí Airteagal 5(2), ar feiste í a shuiteáil an déantóir sin agus na bogearraí á n-uasdátú i ndiaidh chineálcheadú CE na feithicle sin.

An tríú ceist

97 Leis an tríú ceist dá cuid, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an bhfuil léiriú le déanamh ar dhlí an Aontais sa chaoi go gcuirtear cosc, ar dtús, lena chóiméid leis an bhfeidhm arna bhaint as an bhfeithicil ina bhfuil feiste neamhdhleathach sáraithe, de réir bhrí Airteagal 5(2) de Rialachán 715/2007, a bhaint ó mhéid na éirice arna dlí d'fhaighteoir na feithicle sin, dá ndearnadh dochar leis an bhfeiste sin agus, anuas air sin, lena dhéanamh go bhfuil an éiric sin teoranta do mhéid 15 % de phraghas ceannaigh na feithicle sin.

98 Is tábhachtach a thabhairt chun cuimhne, i gcomhréir leis an gcásdlí dá dtagraítear i mír 67 den bhreithiúnas seo, i gcás ina bhfuiltear in éagmais fhorálacha dhlí an Aontais maidir leis an gcaoi le cúiteamh a fháil ag ceannaitheoirí a leithéide d'fheithicil sa dochar arna dhéanamh le feiste neamhdhleathach sáraithe atá leis an bhfeithicil sin, tá an chaoi sin le cinneadh ag gach Ballstát.

99 In ainneoin sin, i gcomhréir leis an gcásdlí dá dtagraítear i mír 68 den bhreithiúnas seo, ní bheadh caoi arna socrú ag na Ballstáit i gcomhréir le prionsabal na héifeachtachta ar dá réir go bhfuil cúiteamh cóir dofhaighte nó ródhéacair a fháil, i ngníomh, ag ceannaitheoir mótarfheithicle sa dochar arna dhéanamh ag an sárú ag déantóir na feithicle sin ar an gcosc arna leagan amach in Airteagal 5(2) sin.

100 Ar an gcuntar sin, ní mór a lua go bhfuil bunús ag na cúirteanna náisiúnta le cinntiú nach saibhreofaí go héagórach na daoine a mbíonn cearta acu a ráthaítear le dlíchóras an Aontais, ina n-áirítear an ceart a bhíonn ag ceannaitheoir mótarfheithicle ar chúiteamh cóir sa dochar arna dhéanamh leis an sárú ag déantóir na feithicle sin ar an gcosc arna leagan amach in Airteagal 5(2) de Rialachán Uimh. 715/2007, trí na cearta sin a chosaint (féach, chuige sin, breithiúnas Mercedes-Benz Group, mír 94 agus an cásdlí dá dtagraítear).

101 Mar sin, tá le fíorú ag an gcúirt a rinne an tarchur an gcinntítear a leithéid de chúiteamh cóir do na ceannaitheoirí lena mbaineann trína chóiméid leis an bhfeidhm arna baint as an bhfeithicil a úsáid nó, sa chás seo, leis an bhfeidhm as úsáid iarbhír na bhfeithiclí i gceist sna príomhimeachtaí a bhaint, sa mhéid go suíomhtar go ndearnadh dochar do na ceannaitheoirí sin a bhaineann leis na feistí coiscthe sáraithe, de réir bhrí Airteagal 5(2) sin, a shuiteáil sna feithiclí sin (féach, chuige sin, breithiúnas Mercedes-Benz Group, mír 95).

102 Sa chomhthéacs sin, ní fhéadfaí a mheas go bhfuil sé ar neamhréir le dlí an Aontais go gceanglaíonn Ballstát praghas ceannaigh a leithéide d'fheithicil le méid na héirice mar chúiteamh sa dochar arna dhéanamh d'fhaighteoir na feithicle lena mbaineann, sa mhéid a bhfuil baint leis an bpraghas ceannaigh ag an measúnú ar mhéid an dochair, arb ionann é agus an riosca gur dochláraithe, dodhíolta agus dochurtha i mbun seirbhíse na feithicle sin.

103 I dtaca leis sin, de réir an ordú tarchuir, i gcomhréir leis an gcásdlí ar tháinig ó bhreithiúnas an Bundesgerichtshof, baineann méid chúiteamh an dochair leis an measúnú ag an gcúirt trialach ach ní féidir gur lú é ná 5 % den phraghas ceannaigh sin, gan 15 % a shárú, ar chúiseanna comhréireachta.

104 I gcomhréir le cásdlí na Cúirte dá dtagraítear i mír 66 den bhreithiúnas seo, ní fhéadfaí a mheas ach an oiread go sáraíonn Ballstát dlí an Aontais lena leithéid de raon éirice a shocrú arb ionann é agus íoschéatadán agus uaschéatadán an phraghais ceannaigh, ar mhaithe leis an méid cúitimh chóir a shocrú is infhaighte ag faighteoir na feithicle, sa mhéid nach ndéantar cúiteamh éagórach sa dochar arna dhéanamh d'fhaighteoir feithicle ina bhfuil feiste sáraithe de réir an raoin sin.

105 Sa chás seo, ní mór a chinneadh gur éiligh CM go n-íocfaí leis a chóimhéid le 20 % den phraghas ceannaigh agus, murach sin, 15 % ar a laghad den phraghas sin, bíodh is gur iarr DS ar éiric atá le tomhas ag an gcúirt sin, nach féidir gur lú ná a chóimhéid le 15 % den phraghas ceannaigh.

106 Tá sé le fíorú ag an gcúirt a rinne an tarchur an bhfágann an raon éirice dá dtagraítear i mír 103 den breithiúnas sin cúiteamh cóir sa dochar arna dhéanamh dofhaighte nó ródheacair a fháil i ngníomh.

107 I bhfianaise an mhéid thuas ar fad, an freagra atá le tabhairt ar an tríú ceist ná go bhfuil léiriú le déanamh ar dhlí an Aontais sa chaoi nach gcuirtear cosc, ar dtús, lena chóiméid leis an bhfeidhm arna bhaint as an bhfeithicil ina bhfuil feiste neamhdhleathach sáraithe, de réir bhrí Airteagal 5(2) de Rialachán 715/2007 a bhaint ó mhéid na éirice arna dlí d'fhaighteoir na feithicle sin, dá ndearnadh dochar leis an bhfeiste sin agus, anuas air sin, lena dhéanamh go bhfuil an éiric sin teoranta do mhéid 15 % de phraghas ceannaigh na feithicle sin, sa mhéid gurb ionann an éiric sin agus cúiteamh cóir sa dochar arna dhéanamh.

Costais

108 Ós rud é, a mhéid a bhaineann sé leis na páirtithe sna príomhimeachtaí, go bhfuil na himeachtaí mar chéim sa chás os comhair na cúirte a rinne an tarchur, baineann ceist na gcostas leis an gcúirt sin. Níl na costais a tabhaíodh trí bharúlacha a cuireadh faoi bhráid na Cúirte, seachas costais na bpáirtithe sin, inghnóthaithe.

Ar na forais sin, rialaíonn an Chúirt (an Cúigiú Dlísheomra) mar seo a leanas:

1. Maidir le hAirteagail 18(1), 26(1) agus 46 de Threoir 2007/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meán Fómhair 2007 lena mbunaítear creat chun mótarfheithiclí agus a leantóirí, agus córais, comhpháirteanna agus aonaid theicniúla ar leithligh atá ceaptha le haghaidh feithiclí den sórt sin a cheadú (Treoir Réime), arna leasú le Rialachán (AE) Uimh. 385/2009 ón gCoimisiún an 7 Bealtaine 2009, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 5(2) de Rialachán (CE) Uimh. 715/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2007 maidir le cineálcheadú mótarfheithiclí i dtaca le hastaíochtaí ó fheithiclí éadroma paisinéirí agus tráchtála (Euro 5 agus Euro 6) agus maidir le rochtain ar fhaisnéis faoi dheisiú agus faoi chothabháil feithiclí,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

is neamh-inagartha ag déantóir feithicle mar chúis lena dhíolmhú ó dhliteanas chuige sin, agus caingean arna tionscnamh ag ceannaitheoir mótarfheithicle le haghaidh an díobháil a chúiteamh de dheasca feiste neamhdhleathach sáraithe a bheith san fheithicil sin, de réir bhrí Airteagal 5(2) sin, go ndearnadh earráid dholeasaithe i leith neamhdhleathacht na feiste sin toisc gur thug an t-údarás náisiúnta inniúil cineálcheadú CE na feiste sin nó na feithicle ina bhfuil sí nó gur dheimhnigh an t-údarás

sin, i gcás a cheistithe ag an déantóir sin, an measúnú dlíthiúil air maidir le dleathacht líomhainte na feiste sáraithe lena mbaineann.

2. **Maidir le hAirteagail 4(1) agus 5(2) de Rialachán Uimh. 715/2007 agus Airteagal 10(1) de Rialachán (CE) Uimh. 692/2008 ón gCoimisiún an 18 Iúil 2008 lena gcuirtear chun feidhme agus lena leasaítear Rialachán Uimh. 715/2007, arna leasú le Rialachán (AE) Uimh. 566/2011 ón gCoimisiún an 8 Meitheamh 2011,**

   ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

   ceanglaítear tríothu ar cheart ar chúiteamh a bheith ag faighteoir feithicle i leith an déantóra gluaisteáin, i gcás ina ndearnadh dochar don fhaighteoir sin trí fheiste neamhdhleathach sáraithe, de réir bhrí Airteagal 5(2), ar feiste í a shuiteáil an déantóir sin agus na bogearraí á n-uasdátú i ndiaidh chineálcheadú CE na feithicle sin.

3. **Tá léiriú le déanamh ar dhlí an Aontais sa chaoi nach gcuirtear cosc, ar dtús, lena chóiméid leis an bhfeidhm arna bhaint as an bhfeithicil ina bhfuil feiste neamhdhleathach sáraithe, de réir bhrí Airteagal 5(2) de Rialachán 715/2007 a bhaint ó mhéid na éirice arna dlí d'fhaighteoir na feithicle sin, dá ndearnadh dochar leis an bhfeiste sin agus, anuas air sin, lena dhéanamh go bhfuil an éiric sin teoranta do mhéid 15 % de phraghas ceannaigh na feithicle sin, sa mhéid gurb ionann an éiric sin agus cúiteamh cóir sa dochar arna dhéanamh.**

Sínithe